**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 2 Nollaig 2021 ar 11: 00**

**Físchomhdháil**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick<br>John Grenham<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris<br>An Dr Conor Kostick<br>Katherine McSharry<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh<br>An tOll. Kalpana Shankar<br>Caitriona Sharkey<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach<br><br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (8.2-9.2 amháin) |
| Nóta: Is éard atá i gceist le (8.2- 9.2) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

1. **Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta**

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

## 2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 agus a bhfoilsiú

Maidir le mír 3, Nithe ag Éirí As, shocraigh an Bord go mbeadh mír 19.3.2 fós le socrú, is é sin Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird – Plean Feabhais. Tá an chéad athbhreithniú seachtrach eile ar éifeachtacht an Bhoird le cur i gcrích faoin 30 Meitheamh 2022.

**Rinne an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 a fhaomhadh, faoi réir leasú amháin atá le déanamh ar na Nithe ag Éirí As, chomh maith le foilsiú na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

## 3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir forléargas don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as agus luaigh stádas na ngníomhartha go léir de réir mar a sonraíodh iad sa tábla. Rinneadh plé ní ba mhionsonraithe ar na gníomhartha seo a leanas:

Gníomh 19. 3. 2: Dúirt an Stiúrthóir go raibh an ní seo fós le socrú, mar atá luaite i mír 2 thuas,agus tá an chéad athbhreithniú seachtrach eile ar éifeachtacht an Bhoird le cur i gcrích faoin 30 Meitheamh 2022.

Gníomh 2021. 2. 2: Dúirt an Stiúrthóir go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tar éis treoir a thabhairt don Cheannasaí Eastát comhairle dlí a lorg maidir leis na socruithe Rialachais nua atá beartaithe. Fuair an CIR comhairle dlí maidir leis na socruithe Rialachais nua atá beartaithe. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar an gcomhairle sin, atá mar chuid den Chlár Oibre le go ndéanfaidh an Bord an rud céanna sa chruinniú seo.

Gníomh 21.5.2: Maidir leis an turas do Chomhaltaí Boird ar an Sciathán Thiar, a bhí beartaithe i dtús báire don 2 Nollaig agus a cuireadh siar mar gheall ar chomhairle an Rialtais in aimsir Covid-19, dúirt an Stiúrthóir go ndéanfaí é a athshocrú don earrach in

2022.

**Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.**

## 4. Tuairisc an Stiúrthóra

Bhí an Bord sásta glacadh leis an gcuid de thuairisc an Stiúrthóra dar teideal *'Tuarascáil Fheidhmeannas LNÉ: Súil Siar ar 2021'*.

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal don Bhord maidir le seirbhísí agus socruithe oscailte LNÉ mar seo a leanas:

- I gcomhréir le comhairle an Rialtais tá seirbhísí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an láthair fós ar oscailt. An rud is tábhachtaí ar fad dúinn ná sláinte agus sábháilteacht gach duine inár bhfoirgnimh. Tá mionathruithe i bhfeidhm go fóill ar na bealaí a n-úsáideann léitheoirí agus cuairteoirí LNÉ agus muid ag cloí le treoir an Rialtais.

- Tá laghdú tagtha ar líon na mball foirne atá ag obair ar an láthair i gcomhréir le comhairle an Rialtais i mí na Nollag 2021 gur chóir do dhaoine a bheith ag obair ón mbaile nuair is féidir agus ár seirbhísí a chur ar fáil i rith an ama.60% den líon a bhíonn ann de ghnáth a bhí ar an láthair ar an meán. Laghdú atá sa líon sin ar an 85% a bhí ar an láthair i gcéim níos luaithe de shrianta in aimsir Covid-19 i Meán Fómhair 2021.

Mar fhreagra ar iarratas ón mBord, dheimhnigh an Stiúrthóir go mbíonn cuairteoirí ag cloí leis na bearta sláinte agus sábháilteachta den chuid is mó.

Luaigh an Cathaoirleach, i dtaca le Tionscadal Forbartha Caipitil an Sciatháin Thiar, go ndeachaigh sé ar thuras ar an Sciathán Thiar i mí na Samhna agus gur amharc sé ar líníochtaí den fheistiú beartaithe agus de na huasghráduithe beartaithe.

**Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra ar aire.**

## 5. Straitéis LNÉ 2022-2026

Thug an Stiúrthóir tuairisc chun dáta don Bhord maidir le forbairt Straitéis LNÉ 2022-2026.

Dúirt an Stiúrthóir go rabhthas buíoch de chomhaltaí an Bhoird as comhairle agus treoir a thabhairt le linn Cheardlann Straitéise an Bhoird ar an 7 Deireadh Fómhair. Tá aide-mémoire den cheardlann curtha ar fáil ag OCS Consultants lena fhaomhadh.

Dúirt an Stiúrthóir gur cuireadh dréacht-téacs den Straitéis isteach chun na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) faoi bhráid an Aire agus a hoifigeach. Comhairliúchán reachtúil é seo agus tá trí mhí ag an Aire freagra a thabhairt.

Tá comhairliúchán poiblí ar an Straitéis ar bun agus mar chuid de sin tá achoimre ghearr uirthi foilsithe ar láithreán gréasáin LNÉ. Táimid ag baint úsáid as nuachtlitreacha, liostaí ríomhphoist agus meáin shóisialta LNÉ leis sin a chur chun cinn. Tá breis agus 500 freagra tugtha ar an gcomhairliúchán poiblí go dtí seo.

Luaigh an Stiúrthóir gurb iad na chéad chéimeanna eile i bhforbairt Straitéis 2022-2026 LNÉ: aiseolas ón Aire, óna hoifigigh in RTCEGSM agus ón gcomhairliúchán a chur le chéile agus aghaidh a thabhairt air. Tá an dréacht deiridh den téacs lena chur faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh mar chuid den chruinniú Boird ar an 10 Feabhra 2022. Ar deireadh, má thugann an Bord faomhadh don téacs, rachadh forbairt na straitéise nua ar aghaidh chuig an dearadh agus aistriúchán agus é mar aidhm againn Straitéis nua LNÉ 2022-2026 a fhoilsiú i Márta/Aibreán 2022.

**Rinne an Bord an dréacht den aide-mémoire a fhaomhadh a bhain le seisiún an Bhoird ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 a bhain le Straitéis nua 2022-2026.**

**Thug an Bord faomhadh don dréacht is deireanaí de Straitéis LNÉ 2022-2026 a cuireadh faoi bhráid an RTCEGSM agus do na chéad chéimeanna eile a theastaíonn le forbairt na straitéise nua a chur i gcrích.**

## 6. An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua: Tionscadal Forbartha Caipitil

### 6.1 An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua

Tá obair athfhorbartha ar bun ar an Sciathán Thiar i bpríomhfhoirgneamh na Leabharlainne Náisiúnta i 7/8 Sráid Chill Dara. Is í an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, Katherine McSharry, atá i gceannas ar an bpleanáil ar chúrsaí a bhaineann le taispeántais, léirmhíniú agus leis an eispéireas cuartaíochta.

Thug an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe faisnéisiú ardleibhéil don Bhord maidir leis an bhfís atá ann don athfhorbairt ar an Sciathán Thiar agus an méid a chuirfear ar fáil ann don Leabharlann Náisiúnta agus do rannpháirtithe na leabharlainne. Cuireadh an nóta faisnéise i láthair sula gcuirfear cás gnó i láthair. Beidh sé sin ann in 2022.

Thug an Bord ar aire an tábhacht a bhaineann le spásanna oideachais, ranganna agus imeachtaí a chur ar fáil a mheallfaidh rannpháirtithe éagsúla; agus gur chóir an inrochtaineacht a chur san áireamh ó chéim an deartha ar aghaidh. Thug an Bord ar aire an tábhacht a bhaineann leis an tsolúbthacht sa dearadh agus le taispeántais a mhalartú go rialta.

Mhol an Bord an uaillmhian sna pleananna; an bhéim ar an inrochtaineacht; agus an cur i láthair a thug an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe.

**Rinne an Bord plé agus díospóireacht ar an bhfís agus cur chuige ardleibhéil chun léirmhíniú, taispeántais, rannpháirtíocht agus eispéireas cuartaíochta a fhorbairt i Sciathán Thiar LNÉ.**

**6.2 Comhairle dlí maidir leis na Socruithe Rialachais agus Oibriúcháin a bhaineann le Tionscadal Forbartha Caipitil LNÉ**

Luaigh an Cathaoirleach go bhfuil na Socruithe Rialachais agus Oibriúcháin a bhaineann le Tionscadal Forbartha Caipitil LNÉ bunaithe ar Mheabhrán Tuisceana idir an RTCEGSM, Oifig na nOibreacha Poiblí agus LNÉ. Ceadaítear neamhréireanna sa

Mheabhrán Tuisceana chun freastal ar riachtanais LNÉ. Ar ordú ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, lorg an Ceannasaí Eastát comhairle dlí ar Byrne Wallace chun tabhairt faoi cheisteanna mar an dliteanas, riosca agus freagracht a d'fhéadfadh a bheith ar LNÉ mar gheall ar an Meabhrán Tuisceana.

Thuairiscigh Cathaoirleach an CIR, an tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, go ndearna an Coiste an chomhairle dlí ó Byrne Wallace a bhain leis an Meabhrán Tuisceana idir an RTCEGSM, Oifig na nOibreacha Poiblí agus LNÉ a mheas, mar chuid de chruinniú an choiste ar an 19 Samhain 2021.

Cuirfidh an Ceannasaí Eastát tuilleadh comhairle ó Byrne Wallace maidir le dréacht-Mheabhrán Tuisceana i láthair don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord i R1, 2022.

Mar fhreagra ar cheist ón CIR, chomhaontaigh Cathaoirleach an Bhoird gur chóir saineolas cuí a chur ar fáil don CIR agus, mar chuid de sin, b'fhéidir go gceapfaí comhalta nua ar an gCoiste agus an saineolas cuí ag an duine sin.

Ghabh Cathaoirleach an Bhoird buíochas leis an CIR as an gceist a mheas.

**Thug an Bord an chomhairle dlí a fuarthas ó Byrne Wallace ar aire, dar dáta an 17 Samhain 2021, maidir leis an gcóras beartaithe Rialachais do na chéad chéimeanna eile de Thionscadal Forbartha Caipitil an Sciatháin Thiar.**

## 7. Beartais

### 7.1 Beartas agus Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán

Dúirt an Stiúrthóir go raibh an Beartas agus na Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán curtha isteach le faomhadh a fháil tar éis tabhairt faoi chomhairliúchán seachtrach a cuireadh i gcrích i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2021 agus tar éis do Dhearthóir Grafaicí LNÉ dréacht a

dhearadh. Má dhéantar an doiciméad a fhaomhadh, tá sé beartaithe an Beartas agus na Treoirlínte a fhoilsiú ar láithreán gréasáin LNÉ go luath in 2022.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir le hábhar digiteach a bhailiú i gcásanna a bhfuil foinsí nua, aipeanna mar shampla, ag teacht chun cinn i rith an ama, dúirt an Stiúrthóir go ndéanfar athbhreithniú ar na Treoirlínte gach dara bliain.

**Thug an Bord faomhadh le go ndéanfaí An Beartas agus na Treoirlínte nua um Fhorbairt na mBailiúchán a fhoilsiú.**

## 8. Cásanna Gnó

### 8.1 Eastáit: Seirbhísí Slándála ar Conradh LNÉ

**Thug an Bord faomhadh chun Conradh LNÉ le haghaidh Seirbhísí Slándála a bhronnadh ar Momentum Support Services Limited. Conradh dhá bhliain a bheidh ann agus dhá rogha ann síneadh bliana a chur leis. Is é costas airgeadais an tionscadail, gan CBL a áireamh, ná** [redacted]

### 8.2 Cúrsaí Airgeadais: Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí do LNÉ

D'iarr an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí, Kathleen Ruane, faomhadh chun an conradh a bhronnadh ar Crowleys DFK le seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a chur ar fáil do théarma conartha 3 bliana ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh agus an rogha ann síneadh ama
12 mhí a chur leis.

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), an tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, in iúl go ndearna an CIR an cinneadh a fhaomhadh mar chuid de chruinniú an choiste ar an 19 Samhain 2021 agus go rabhthas ag moladh don Bhord faomhadh a thabhairt an

conradh a bhronnadh ar Crowleys DFK.

Dheimhnigh an Ceannasaí Airgeadais agus an Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí go raibh dhá théarma ceithre bliana déanta ag Crowleys DFK mar sholáthraí seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí agus, dá ndéanfaí a fhaomhadh, go mbeadh sé seo ar an tríú téarma ag Crowleys DFK. Dheimhnigh Cathaoirleach an CIR nach beartas riachtanach é soláthraithe seirbhísí a mhalartú ach mhol gur chóir an rogha sin a phlé amach anseo.

**Thug an Bord faomhadh chun an conradh a bhronnadh ar Crowleys DFK le seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a chur ar fáil do théarma conartha 3 bliana ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh agus an rogha ann síneadh ama 12 mhí a chur leis an gconradh.**

**Is é costas airgeadais an tionscadail gan CBL a áireamh ná [redacted] thar thréimhse [redacted]. Tá an costas seo bunaithe ar aon ráta cumaisc laethúil amháin de [redacted] gan CBL a áireamh.**

## 9. Gnóthaí Corparáideacha

### 9.1 Cúrsaí Airgeadais: Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2021

Mhol an Cathaoirleach na figiúirí don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 mar a tugadh iad.

Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, dheimhnigh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí go gcuirfí maoiniú ar fáil ón Roinn mar a bhí beartaithe agus go bhfuil maoiniú Ráithe 3 de €4,000 faighte ón gComhairle um Thaighde in Éirinn i Ráithe 4.

Dúirt an Ceannasaí Airgeadais go raibh an chuma ar chúrsaí go mbeadh caiteachas 2021 mar a measadh. Cuireadh an achoimre ardleibhéil isteach mar a mhol

an Bord a dhéanamh.

**Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 a fhaomhadh.**

### 9.2 Tuarascáil Bhliantúil 2020

Ina cáil mar Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, thug Katherine McSharry le fios go raibh Tuarascáil Bhliantúil 2020 sínithe agus go leagfar faoi bhráid an Oireachtais í.

**Thug an Bord Tuarascáil Bhliantúil 2020 ar aire.**

**Tabharfar cruachóip den Tuarascáil Bhliantúil i mBéarla agus i nGaeilge don Bhord.**

## 10. Coistí an Bhoird

### 10.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc ar an 19 Samhain 2021 agus miontuairiscí ón gcruinniú ar an 24 Meán Fómhair 2021

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), an tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an CIR ar an 19 Samhain 2021.

Bhí na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Coiste ar an 19 Bealtaine 2021 le cur i gcrích agus Rúnaí an CIR ar ais ar obair. Mar gheall ar an amlíne agus í ag filleadh ar an obair, áfach, bhíothas ar aon intinn go ndéanfadh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí, Kathleen Ruane, miontuairiscí ón gcruinniú Coiste ar an 19 Bealtaine 2021 a dhréachtú don chéad chruinniú CIR eile. Tá taifead de na gníomhartha a d’éirigh as an gcruinniú sin sa tuairisc ar Nithe ag Éirí As.

Rinne an CIR an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2022 a fhaomhadh mar seo a leanas:

1. Athbhreithniú Ardleibhéil ar Rialuithe Inmheánacha
2. Athbhreithniú ar na Bailiúcháin, saothair faighte san áireamh; agus
3. Athbhreithniú ar Acmhainní Daonna.

Bhí cruinniú ag an CIR le Tony Cooney, páirtí leis na hIniúchóirí Inmheánacha Crowleys DFK maidir leis na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar Chórais agus Nósanna Imeachta an RGCS. Rinne an CIR an dréacht deiridh den dá thuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh.

Ó thaobh Chórais agus Nósanna Imeachta RGCS de, dúirt Cathaoirleach an CIR gur chéim thábhachtach a bheadh ann soláthraí seirbhíse sealadach seachtrach OCS a fháil chun tabhairt níos mó faoi thorthaí an iniúchta. Dheimhnigh an Stiúrthóir go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar an gconradh don soláthraí seirbhíse seachtrach i gcomhair Cosaint Sonraí agus go mbeidh sé i bhfeidhm faoi dheireadh mhí na Nollag.

Ghabh Cathaoirleach an CIR buíochas leis an gCeannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí as na doiciméid a cuireadh ar fáil.

**Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 19 Samhain 2021; agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Meán Fómhair 2021.**

**10.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas agus an Coiste Comhairleach Léitheoirí: Comhaltas**

Dúirt an Cathaoirleach go ndeachthas i dteagmháil roimh ré leo siúd a ainmníodh le bheith mar chomhaltaí seachtracha neamh-Bhoird ar an gCoiste um Ghinealas agus Araltas le fáil amach an mbeidís

toilteanach glacadh le hainmniúchán chun an Choiste.

Seo a leanas an comhaltas beartaithe neamh-Bhoird don Choiste um Ghinealas agus Araltas:

- An tUas. Joe Hennessy
- An tUas. Catriona Crowe
- An Dr Rachel Murphy
- An tUas. Nicola Morris
- Duine eile má thagann folúntas chun cinn: An Dr William Roulston

**Thug an Bord comhaltas na gcomhaltaí neamh-Bhoird ar an gCoiste um Ghinealas agus Araltas ar aire agus thug faomhadh ina leith.**

I dtaca leis an gCoiste Comhairleach Léitheoirí (CCL), chuir an Cathaoirleach in iúl go ndéanfaí ceapachán comhaltaí neamh-Bhoird chun an Choiste a mheas. An chúis atá leis sin ná go bhfuiltear ag iarraidh a chinntiú go mbeidh ionadaí ann ó gach cúige mar a éilítear de réir chritéir bhallraíochta an CCL, i measc nithe eile.

**Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird agus an Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí comhaltas neamh-Bhoird an CCL a mheas agus tabharfaidh moladh chun an Bhoird lena fhaomhadh.**

## 11. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 10 Feabhra 2022, 11: 00

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ann Déardaoin an 10 Feabhra 2022 ar 11:00.**

## 12. Aon Ghnó Eile

### 12.1 Taispeántas nua ‘Ireland on the Box’ [Éire ar an teilifís] sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta

Ina cáil mar Leas-Stiúrthóir agus mar Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, dúirt Katherine McSharry go n-osclófaí taispeántas nua,

'Ireland on the Box', sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta ón 29 Nollaig 2021 ar feadh sé mhí.

Tabharfar faoin taispeántas i gcomhar le RTÉ, taispeántas ina ndéanfar ceiliúradh ar thrí scór bliain den teilifíseán in Éirinn ó seoladh RTÉ ar an 31 Nollaig 1961.

**Thug an Bord ar aire go n-osclófaí taispeántas nua, 'Ireland on the Box', sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta ar an 29 Nollaig 2021.**

## 13. Seisiún Príobháideach:

### 13.1 Féinmheasúnú bliantúil ar éifeachtacht an Bhoird

Bhí plé ag an mBord ar éifeachtacht an Bhoird féin.

Thug na stiúrthóirí a dtuairimí ar an gceist, is é sin go raibh siad sásta le héifeachtacht an Bhoird. Luadh go rabhthas buíoch go háirithe as chomh cuimsitheach atá na páipéir atá á n-ullmhú ag an Rúnaí Gníomhach don Bhord agus as iad a eisiúint go pras. Cuireadh in iúl fosta go rabhthas buíoch as an tsoiléireacht agus críochnúlacht a léiríodh sna páipéir a ullmhaíonn an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca. Tugadh ar aire go gcuidíonn caighdeán na bpáipéar seo go mór leis an mBord agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca feidhmiú mar is ceart.

Cuireadh in iúl chomh maith gur maith an rud nuair a chloítear leis na tréimhsí ama atá sa sceideal le míreanna ar an gclár oibre a phlé seachas imeacht tharstu sin.

Níor léiríodh aon mhíshástacht le héifeachtacht an Bhoird.

Dúradh chomh maith go raibh sé róluath, b'fhéidir, measúnú cinntitheach a thabhairt ar éifeachtacht an Bhoird, go háirithe i gcás na stiúrthóirí nuacheaptha. Luadh agus pléadh an breithmheas seachtrach a dhéanfar ar éifeachtacht an Bhoird in 2022.

### 13.2 Plé príobháideach

Níor scríobhadh miontuairiscí ar an bplé príobháideach.

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**